

# Eolas do dhaoine a bhfuil Diaibéiteas orthu



Athruithe  
idirnáisiúnta ar thorthaí

## HbA<sub>1c</sub>

Le tacaíocht ó  
Chónaidhm Diaibéiteas  
na hÉireann



100 mmol/mol  
11.3%

90 mmol/mol  
10.4%

80 mmol/mol  
9.5%

70 mmol/mol  
8.6%

60 mmol/mol  
7.6%

50 mmol/mol  
6.7%

40 mmol/mol  
5.8%

## **Cad é HbA<sub>1c</sub> agus cad é a thomhasann sé?**

Faightear haemoglobin nó (Hb) i measc cealla dearga san fhuil i ngach aon duine (is é an Hb den HbA<sub>1c</sub> atá ann). Is í seo is cúis le dath dearg do chuid fola. Greamaíonn an glúcós don haemaglóibin sna ceallaí dearga chun HbA<sub>1c</sub> a dhéanamh. Is de bharr imoibriú ceimiceach casta a tharlaíonn sé seo. Dá mhéad glúcós atá san fhuil, is é is mó glúcós atá greamaithe leis an haemaglóibin. Is comhartha maith é an méid haemaglóibin i do chuid ceallaí dearga a bhfuil glúcós greamaithe di, den mheán leibhéal glúcós a bhí i do chuid fola le sé nó ocht seachtainí anuas. Úsáidfidh do dhochtúir torthaí an HbA<sub>1c</sub> chun monatóireacht a dhéanamh ar cé chomh rialaithe is atá do dhiaibéiteas.

## **Cad é nach dtomhasann an HbA<sub>1c</sub>?**

Ní tomhas glúcós fola ag aon pointe amháin ama é an HbA<sub>1c</sub>. Ní h-ionann é agus an tástáil a dhéanann tú le do mhéadar glúcóis féin. Bíonn tú in ann súil a choinneáil ar leibhéal glúcóis do chuid fola ag amanna éagsúla i rith an lae leis an mhonatóireacht fola glúcós baile. Glacann an HbA<sub>1c</sub> tomhas fadtéarmach dod' rialú glúcós fola agus léiríonn sé ar bhealach éagsúil é.

## **Cén fáth a dtomhaistear an HbA<sub>1c</sub>?**

Léiríonn an tástáil HbA<sub>1c</sub> duit féin agus dod' dhochtúir, conas mar a bhí rialú do ghlúcós fola, agus féachaint ar aimsigh tú an sprioc atá agat chun na rioscaí a bhaineann le diaibéiteas a théann in aimhréidh, a choinneáil chomh h-íseal agus is féidir. Dá fheabhas is atá tú in ann do ghlúcós fola a rialú, is é is lú an seans go rachaidh do chuid diaibéiteas in aimhréidh.

## **Cé chomh minic is a thomhaistear an HbA<sub>1c</sub>?**

Go h-iondúil is é/í do dhochtúir a dhéanann an cinneadh maidir le cé chomh minic a dhéanfar an tástáil HbA<sub>1c</sub>? Braitheann an cheist seo ar chúinsí éagsúla, ina measc, an cineál diaibéitis atá ort agus an tslí ina bhfuil an diaibéiteas á bhainistiú agat.

## **Cad iad na haonaid agus na spriocanna reatha le haghaidh HbA<sub>1c</sub>?**

Le roinnt blianta anuas, tá an tslí a thomhaistear HbA<sub>1c</sub> ceangailte leis an tástáil DCCT, Diabetes Control and Complications Trial. HbA<sub>1c</sub> a thugtar ar an tástáil seo. Tugtar torthaí an DCCT mar chéatadán. Is iondúil gur aontaigh do dhochtúir luach sprice áirithe leat don HbA<sub>1c</sub> a oireann do do chúinsí pearsanta.

## Cén t-athrú atá ag teacht ar an HbA<sub>1c</sub>?

Tá saotharlanna in Éirinn chun athrú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar torthaí an HbA<sub>1c</sub> a thuairisciú. Tá córas tomhais tagartha nua curtha i bhfeidhm ag An gCónaidhm Idirnáisiúnta um Cheimic Chliniciúla agus Míochaine Saotharlainne (IFCC) chun caighdeánú domhanda a dhéanamh ar HbA<sub>1c</sub>. Mar thoradh ar seo, beidh sé i bhfad níos éasca comparáid a dhéanamh idir thorthaí ó shaotharlanna éagsúla agus trialacha taighde cliniciúla ar fud an domhain. Tá na heagraíochtaí idirnáisiúnta diaibéitis ag tacú leis an bhforbairt seo. Is é an HbA<sub>1c</sub> (IFCC) an t-ainm nua a thabharfar ar an dtástáil amach anseo.

## Cad iad na h-aonaid nua HbA<sub>1c</sub> (IFCC)?

Tuairisceofar torthaí an HbA<sub>1c</sub> (IFCC) mar aonaid nua ar a dtugtar mmol/mol “millimoles / mole” in ionad %. Bíonn an réimse luachanna HbA<sub>1c</sub> i measc daoine gan diaibéiteas idir 20 agus 42 mmol/mol. I measc daoine le diaibéiteas, go h-iondúil bíonn na leibhéil targaide beagáinín níos airde agus de ghnáth is é d’fhoireann leighis a shocraíonn sin leat.

## Conas a n-athrófar torthaí an HbA<sub>1c</sub>?

Beidh torthaí an HbA<sub>1c</sub> (IFCC) an-éagsúil le h-ais na torthaí HbA<sub>1c</sub> (DCCT) a bhfuil cleachtadh agat orthu ach fós, beidh an t-eolas bunúsach chéanna ann maidir le conas mar a bhí rialú do chuid glúcós i rith na dtréimhse sé/ocht seachtainí roimhe sin. Léiríonn an tábla gairid seo samplaí den chomparáid atá idir na dtorthaí.

<b>HbA<sub>1c</sub> (DCCT) (%)</b>	<b>HbA<sub>1c</sub> (IFCC) (mmol/mol)</b>
6.0	42
6.5	48
7.0	53
7.5	59
8.0	64
8.5	69
9.0	75

Ní chiallaíonn sé go bhfuil níos mó glúcós i do chuid fola de bhrí go bhfuil toradh an HbA<sub>1c</sub> (IFCC) níos airde nó de bhrí nach raibh do dhiaibéiteas sách rialaithe. Níl ann ach bealach eile chun an leibhéal céanna bainistiú dhiaibéiteas a léiriú.

Ní h-ionann na h-uimhreacha HbA<sub>1c</sub> (IFCC) ar chor ar bith agus leibhéal an ghlúcóis san fhuil. Tá siad seo cosúil leis an léamh a fhaigheann tú le do mhéadar agus laghdóidh seo an baol go meascfar torthaí an dá mhiosúir seo.

## **Cén uair a tharlóidh an t-athrú seo?**

Ón 1ú Iúil 2010 ar aghaidh, tabharfar amach na torthaí HbA<sub>1c</sub> in Éirinn sa bhfoirm HbA<sub>1c</sub> (DCCT) % atá á úsáid faoi láthair chomh maith leis an leagan nua HbA<sub>1c</sub> (IFCC) mmol/mol. Mar shampla, d'fhéadadh sé go léireofar an tuairisc faoi do chuid HbA<sub>1c</sub> mar seo a leanas:

HbA <sub>1c</sub> (IFCC)	53 mmol/mol
HbA <sub>1c</sub> (DCCT)	7.0%

Leanfaidh an tuairisciú dúbailte seo, i.e. toradh an HbA<sub>1c</sub> (DCCT) in aice an leagan nua HbA<sub>1c</sub> (IFCC) go dtí deireadh na bliana 2011. D'fhéadfadh sé nach dtomhasfaí do HbA<sub>1c</sub> ach trí nó ceithre h-uaire le linn tréimhse an tuairisciú dúbailte seo, mar sin tá sé tábhachtach go rachaidh tú i gcleachtadh ar na h-uimhreacha HbA<sub>1c</sub> (IFCC) ón tús.

Má tá aon cheisteanna agat nó má tá aon imní ort faoi na h-athruithe tábhachtacha seo, iarr ar aon duine acu seo a leanas cabhrú leat le d' thoil: do dhochtúir teaghlaigh, d'altra speisialtóir diaibéitis, d'altra cleachtais nó aon duine eile atá ar d'fhoireann cúram sláinte.